Dáta	Leibhéal ranga Rang a Cúig agus Rang a Sé	Ábhar Na hAmharcealaíona
Snáithe Cré	**Snáithaonad** Forbairt foirme i gcré, Breathnú agus Freagairt.	

Teideal
Mionsamhail Lánléargais den Aigéan a Thógáil le Cré chun an Tionchar a Imríonn Truailliú Mara a Thaispeáint.

Cuspóir(í)
Is é aidhm an phlean ceachta ná go gcuirfear ar chumas na leanaí buanna cré mar mheán le haghaidh léiriú samhlaíoch a iniúchadh agus a fhionnachtain. Tógfaidh siad mionsamhail lánléargais den aigéan le cré, rud lena dtaispeánfar an tionchar a imríonn truailliú mara. Freagróidh na leanaí do na mionsamhlacha lánléargais cré a cruthaíodh sa rang trína bheith ag labhairt faoina s(h)aothar féin agus faoi shaothar na leanaí eile.

Scileanna atá Riachtanach
Obair chomhoibríoch, scileanna mínluaileacha, scileanna réitigh fadhbanna, gearradh/ greamú agus scileanna eagrúcháin.

Cuspóirí foghlama	Gníomhaíochtaí foghlama
Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh: Mionsamhail lánléargais i bhfoirm bosca bróg a phleanáil agus a chruthú – bunaithe ar an téama “Domhan Fomhuirí” – ach marla a úsáid chun gnéithe ghrinneall an aigéin a dhealbhú. An radharc a chríochnú ach gnáthóga mara a thabhairt isteach, lena n-áirítear feamainn agus coiréal agus beatha mhara. Truailliú a léiriú ar ghrinneall an aigéin. Breathnú ar a s(h)aothar féin agus ar shaothar leanaí eile agus labhairt fúthu.	**Labhairt agus Plé:** Déan plé ar choincheap na mionsamhla lánléargais. Déan iniúchadh ar íomhánna de ghrinneall an aigéin; déan plé ar fhoirmeacha, ar chruthanna agus ar leagan amach. **Smaointe daltaí:** Téigh siar ar fhoghlaim ó OSIE-Tíreolaíocht agus úsáid an fhoghlaim sin anseo. **Obair i mBeirteanna/ Grúpobair/ Cur chuige teagmhálach:** Ullmhaigh an bosca bróg – an cúlra agus an taobh istigh – agus léirigh an t-athrú idir an fharraige, an talamh agus an spéir. Agus marla á úsáid, léirigh grinneall na farraige agus dealbhaigh gnéithe ábhartha topagrafaíochta amhail aillte géara le haghaidh na scairbhe ilchríochaí, trinsí agus sléibhte faoi uisce, chomh maith le droim i lár an aigéin.

	Labhairt agus Plé: In éineacht leis na daltaí, déan plé ar na nithe a chónaíonn in éiceachóras an aigéin agus na mara. Déan plé ar thruailliú mara agus ar an tionchar a imríonn sé ar an uisce, ar bheatha mara agus ar ghnáthóga mara. Iarr ar na daltaí smaoineamh faoi roinnt de na cineálacha truaillithe a d'fhéadfaí a fháil san aigéan. Taispeáin do na daltaí físeán spreagtha dar teideal "Sources and impacts of Marine Litter" le Jane Lee/Marlisco agus "The Great Pacific Garbage Patch". Tá an dá fhíseán sin ar fáil ar Vimeo. Cuir ceist ar na daltaí cén tionchar, dar leo, a imríonn bruscar mara ar dhaoine, ar ainmhithe agus ar phlandaí. Taispeáin rogha ábhar dóibh agus iarr orthu roinnt míreanna beaga a roghnú agus iad a úsáid chun bruscar/truailliú mara a léiriú sa mhionsamhail lánléargais den aigéan. **Breathnú agus freagairt** Iarr ar na daltaí breathnú ar a s(h)aothar féin agus ar shaothar na leanaí eile sa rang agus freagairt dóibh.

	Acmhainní Rochtain Idirlín chun teacht ar na nithe seo a leanas: Íomhánna de ghrinneall an aigéin. Féach www.infomar.ie freisin chun léarscáileanna tríthoiseacha bataiméadrachta a fháil de chríoch mhara chladaigh na hÉireann. Físeán Marlisco dar teideal “Sources and impacts of Marine Litter” le Jane Lee, atá ar fáil lena íoslódáil ar Vimeo. “The Great Pacific Garbage Patch”, atá ar fáil lena íoslódáil ar Vimeo. Bosca bróg Cré, péint, gliú Gaineamh, carraigeacha beaga, feamainn thriomaithe, sliogáin Plandaí plaisteacha le haghaidh duilliúir Míreanna a roghnaíodh mar fhianaise ar thruailliú – plaisteach, polaistiréin, alúmanam etc.
Difreáil Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.	
Measúnú Breathnú ag an múinteoir, samplaí de shaothar na ndaltaí, aiseolas ó bhéal	

Nascadh agus Comhtháthú
Tíreolaíocht: Iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh ar “Fíorléarscáil na hÉireann” agus ar na leibhéil bhruscair san aigéan timpeall na hÉireann.
Eolaíocht: Iarr ar na daltaí plé a dhéanamh ar an am a thógann sé ar bhruscar mara bith-dhíghrádú a dhéanamh. Taifead na torthaí i ngraf.
Béarla: Scríobh chun Sóisialú a Dhéanamh: Scríobh litir chuig an gcomhairle áitiúil ina míneofar an gá atá le tuilleadh boscaí bruscair in aice lenár n-uiscebhealaí agus lenár dtránna. Iarr ar na daltaí grianghraif a ghlacadh de na mionsamhlacha lánléargais agus iad a chur faoi iamh leis na litreacha.